Pósadh le heachtrannach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhean a phós fear ón mBrasaíl agus faoi na fadhbanna a bhí acu ina dhiaidh sin. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. ag achainí	a. *was expelled*
2. díbríodh	b. *injustice*
3. líomhaintí	c. *return*
4. dlisteanach	d. *campaign*
5. ag íoc cánach	e. *correspondence*
6. comhfhreagras	f. *appealing/petitioning*
7. éagóir	g. *legitimate*
8. feachtas	h. *allegations*
9. cearta bunreachtúla	i. *constitutional rights*
10. filleadh	j. *paying tax*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach:

1. Is as Béal Átha na Sluaighe í Harriet Bruce.
2. Díbríodh Kleber Medeiros as an tír mar gheall ar líomhaintí go raibh sé pósta cheana féin sa Bhrasaíl.
3. Cé go raibh Kleber ag obair i gContae na Gaillimhe, ní raibh sé ag íoc cánach.
4. Creideann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anois go bhfuil an pósadh dlisteanach.
5. Creideann Trevor Ó Clochartaigh gur caitheadh go holc le Kleber Medeiros.
6. Níl muintir Bhéal Átha na Sluaighe ag iarraidh go dtiocfaidh Kleber ar ais go hÉirinn.
7. Thug Harriet Bruce litir don Taoiseach agus don Aire Dlí agus Cirt.

Ceist 3
‘…ar an tír…’
‘…ón mBrasaíl…’
‘…roimh an Nollaig…’
‘…ag an bpobal…’
‘…ar an Stát…’
‘…leis an bhfeachtas…’

1. Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis na samplaí thuas a bhí le cloisteáil sa tuairisc?
2. Ag baint úsáide as na samplaí thuas mar threoir, déan cibé athrú is gá ar na focail idir lúibíní sna habairtí seo thíos.

    - Thit crann ar an (teach) _____ oíche aréir le linn na stoirme móire.
    - Bhailigh mé gach duine ón (baile) _____ agus d'imigh muid linn.
    - An bhfaca tú an dath atá ar an (gluaisteán) _____ sin?
    - Chonaic mé mo mhúinteoir scoile ar an (nuacht) _____ ar maidin.
    - Déan cur síos ar an (pictiúr) _____ ar an (céad) _____ leathanach eile.
    - Is breá liom na héadaí atá ag an (siopa) _____ sin.
    - Thit mé anuas den rothar ar an (sráid) _____.
    - Tá súile deasa ag an (freastalaí) _____, nach bhfuil?

Ceist 4 '...aigesean…'

Is é ***aigesean*** an fhoirm threise den fhorainm réamhfhoclach ***aige***.

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois:

- It's not *her* pen; it's *mine*!
- Máire is a great friend of *hers*.
- Don't give it to Pádraig; give it to *him*.
- *I* have the money, as I told you ten times already.

Ceist 5 '…aon b**h**unús…'

Cad is féidir leat a rá faoin séimhiú tar éis an fhocail 'aon'?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth ar labhair duine den phobal le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, dar leat?
2. An féidir leat cur síos a dhéanamh ar na tréithe cultúrtha a bhaineann le muintir na hÉireann a d'fhéadfadh cur isteach ar eachtrannach agus é nó í ina c(h)ónaí in Éirinn?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	a	h	g	j	e	b	d	i	c

Ceist 2

1. Fíor.
2. Bréagach. Maíodh gur pósadh iad chun go mbeadh Kleber in ann fanacht sa tír.
3. Bréagach. Bhí sé ag íoc cánach.
4. Fíor.
5. Fíor.
6. Bréagach. Tá feachtas ar bun ag an bpobal é a thabhairt ar ais go hÉirinn.
7. Fíor.

Ceist 3

An tuiseal tabharthach.

- Thit crann ar an **teach** oíche aréir le linn na stoirme móire.
- Bhailigh mé gach duine ón **mbaile** agus d'imigh muid linn.
- An bhfaca tú an dath atá ar an **ngluaisteán** sin?
- Chonaic mé mo mhúinteoir scoile ar an **nuacht** ar maidin.
- Déan cur síos ar an **bpictiúr** ar an **gcéad** leathanach eile.
- Is breá liom na héadaí atá ag an **siopa** sin.
- Thit mé anuas den rothar ar an **tsráid**.
- Tá súile deasa ag an **bhfreastalaí**, nach bhfuil?

Agus Córas Uladh:

- Thit crann ar an **teach** oíche aréir le linn na stoirme móire.
- Bhailigh mé gach duine ón **bhaile** agus d'imigh muid linn.
- An bhfaca tú an dath atá ar an **ghluaisteán** sin?
- Chonaic mé mo mhúinteoir scoile ar an **nuacht** ar maidin.
- Déan cur síos ar an **phictiúr** ar an **chéad** leathanach eile.
- Is breá liom na héadaí atá ag an t**siopa** sin.
- Thit mé anuas den rothar ar an **tsráid**.
- Tá súile deasa ag an **fhreastalaí**, nach bhfuil?

Ceist 4

- Ní léise an peann; is liomsa é.
- Is cara mór léise í Máire.
- Ná tabhair do Phádraig é; tabhair dósan é.
- Tá an t-airgead agamsa, mar a dúirt mé leat deich n-uaire cheana féin.

Ceist 5

Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail dar tús consan a leanann ***aon***, ach amháin ainmfhocail a thosaíonn le d, t nó s.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Séamus Ó Scanláin
Thug bean as Béal Átha na Sluaighe i gCo. na Gaillimhe litir don Aire Dlí agus Cirt[1] agus litir don Taoiseach inniu ag achainí orthu cead a thabhairt dá fear céile filleadh ar an tír. Díbríodh Kleber Medeiros chun na Brasaíle i mí Iúil mar gheall ar líomhaintí go mba phósadh bréige a bhí i gceist. Ach tuigeann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anois, gur pósadh ceart dlisteanach atá ann.

Irene Ní Nualláin
Tháinig Kleber Medeiros chun na tíre seo ceithre bliana ó shin ón mBrasaíl, agus bhí sé ag obair i mBéal Átha na Sluaighe agus ag íoc cánach. Casadh Harriet Bruce air in 2013 agus phós siad i mí na Nollag seo caite. Ach, i mí Iúil na bliana seo, díbríodh Kleber as an tír nuair a thug duine den phobal le fios d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur pósadh bréige a deineadh le go mbeadh cead aigesean fanacht sa tír. Léiríonn comhfhreagras a fuair muintir Bruce ón bhFeidhmeannacht go nglacann siad anois leis nach raibh aon bhunús leis na líomhaintí, agus nach raibh bac ar bith ar phósadh na beirte. Thug Harriet Bruce litir don Taoiseach agus don Tánaiste inniu i dtaca lena cás.

An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh
Tá muid ag súil go ngníomhóidh siad anois le Kleber a thabhairt abhaile. Deineadh éagóir cheart ar Klebor. Níl sé féaráilte gur cuireadh as an tír é agus is é an ceart go mbeadh sé in ann teacht abhaile chuig a bhean chéile agus chuig a chuid oibre, agus chuig an mbaile. Agus tá muid ag súil go dtarlóidh sé sin roimh an Nollaig nó níos túisce.

Irene Ní Nualláin
Tá feachtas ar bun ag an bpobal áitiúil i mBéal Átha na Sluaighe le cúpla mí anuas le Kleber a thabhairt abhaile. Deir siad gur sáraíodh cearta bunreachtúla na beirte agus go bhfuil siad ag iarraidh ar an Stát cead a thabhairt do Kleber filleadh abhaile go Béal Átha na Sluaighe láithreach.

Deir Harriet go leanfar leis an bhfeachtas go dtí go dtabharfar a fear céile abhaile go hOirthear Chontae na Gaillimhe.

Irene Ní Nuallain, Nuacht TG4.

[1] *An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais* an teideal iomlán